


Cogadh san Úcráin

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcogadh san Úcráin. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

1. warning _____
2. on the horizon _____
3. military convoy _____
4. to get the better of _____
5. residents _____
6. near at hand _____
7. at stake _____
8. Europe's future _____
9. military action _____
10. whether _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat.



Ceist 2

A. Féach ar an mír arís agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre. Déan comparáid idir an méid a scríobh tú féin agus an méid a scríobh an duine in aice leat.

B. Craoladh an mhír seo ar an 01 Márta 2022. Cad é an cor is déanaí sa scéal tragóideach ó shin?

Ceist 3

Ceisteanna

Cum cúig cheist bunaithe ar an mír. Cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mar shampla:

Cén fáth a bhfuil foláireamh tugtha ag na Rúisigh do mhuintir Chív?

Ceist 4 '... Má ghlacann ...' → '... beidh ...'

Leanann an aimsir láithreach **má nuair a dhéantar** tagairt don am atá le teacht:

***Má ghlacann** an tAontas Eorpach le dúshlán Zelensky agus a dtacaíocht shoiléir a léiriú don Úcráin, agus is dócha nach bhféadfaí gníomh míleata a sheachaint sa gcás sin, **beidh** le feiceáil cé acu an Rúis nó an tIarthar a bheas ag cúlú siar ar dtús, faoin mbrú.*

Séimhítear an briathar tar éis **má** seachas an briathar **bí** agus **abair** (ach tabhair faoi deara go séimhítear **bí** san aimsir ghnáthláithreach i.e. beimid ag dul má bhíonn go leor ama ann)

Má tú tú sásta leis sin, gheobhaidh tú an Conradh sa phost.

Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge:

1. If he comes, we'll leave.
2. If they see him here, they'll be angry.
3. If you do good work, you will get more work.
4. If I go, I'll tell you all the news.
5. If he calls you, you will have to speak to him.

Ceist 5 '...an chathair...'

Féach ar na focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach?

Cuir an t-alt rompu. Tá an chéad cheann déanta duit.

cathair (bn)	an <u>ch</u> athair
foláireamh ()	_____
ionsaí ()	_____
Uachtarán ()	_____
beatha ()	_____
solas ()	_____
áis ()	_____
cruinniú ()	_____
tacaíocht ()	_____

Ceist 6 Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa:

Bíodh babhta tobsmaointe agaibh agus scríobhaigí liosta de na bealaí ar fad a chuireann an cogadh san Úcráin isteach oraibh. Mar shampla:

*Bíonn fearg orm nuair a fhéachaim ar an nuacht.
Tagann an ghoimh orm.*

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-------------------------|-------------------------------------|
| 1. warning | <i>foláireamh</i> |
| 2. on the horizon | <i>ar na bacáin</i> |
| 3. military convoy | <i>conbhua míleata</i> |
| 4. to get the better of | <i>an ceann is fearr a fháil ar</i> |
| 5. residents | <i>cónaitheoirí</i> |
| 6. near at hand | <i>in aice láimhe</i> |
| 7. at stake | <i>i ngeall</i> |
| 8. Europe's future | <i>todhchaí na hEorpa</i> |
| 9. military action | <i>gníomh míleata</i> |
| 10. whether | <i>cé acu ... nó ...</i> |

Ceist 2

- A. Féach an script.
B. Bíodh pléigh ginearálta agat leis an rang iomlán faoi chúrsaí san Úcráin.

Ceist 3

Ceisteanna samplacha:

- Cén fáth a bhfuil foláireamh tugtha ag na Rúisigh do mhuintir Chív?
Cá mhéad duine a maraíodh i gCív?
Cá mhéad duine a maraíodh in Kharkiv?
Cad a dúirt an tUachtarán Zelensky?
Cá mhéad duine atá ag teitheadh na tíre?
Cad a rinne Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine sa Ghinéiv?
Cén fáth ar shíuil baill na comhairle amach as an gcruinniú?
Cad a dúirt Ursula von der Leyen?
Cad a tharlóidh má léiríonn an tAontas Eorpach tacaíocht don Úcráin?

Ceist 4

1. Má thagann sé, imeoimid.
2. Má fheiceann siad anseo é, beidh fearg orthu.
3. Má dhéanann tú obair mhaith, gheobhaidh tú tuilleadh oibre.
4. Má théim, inseoidh mé an nuacht ar fad duit.
5. Má ghlaonn sé, beidh ort labhairt leis.

Ceist 5

foláireamh (fr)	an foláireamh
ionsaí (fr)	an t-ionsaí
Uachtarán (fr)	an tUachtarán
beatha (bn)	an bheatha
solas (fr)	an solas
áis (bn)	an áis
cruinniú (fr)	an cruinniú
tacaíocht (bn)	an tacaíocht

Ceist 6

Iarr ar gach grúpa an liosta a scríobh agus ansin [na mothúcháin ar fad a phlépléigh na mothúcháin ar fad](#) leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá foláireamh tugtha ag na Rúisigh do mhuintir Chív an chathair sin a fhágaint¹ mar go bhfuil ionsaithe ar na bacáin, a deir siad. Cheana féin tráthnóna, tá cúigear ar a laghad maraithe in ionsaí a deineadh² ar thúr teilifíse sa chathair agus maraíodh deichniúr eile in ionsaí sliogán in Kharkiv. Idir an dá linn, tá Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelensky, ag iarraidh ar an Aontas Eorpach a chruthú go dtacaíonn siad leis an Úcráin.

Caoimhe Ní Laighin

A fhad is a bhí conbhua míleata tancanna Rúiseach ag sní tríd na bóithre ag tabhairt aghaidh ar Chív inniu, labhair Uachtarán Volodymyr Zelensky os comhair Pharlaimint na hEorpa ar nasc idirlín.

Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelensky

Mura seasfaidh an tAontas Eorpach linn, beidh an Úcráin ina haonar go hiomlán. Cruthaigh dúinn go dtacóidh sibh linn. Cruthaigh dúinn nach scaoilfidh sibh linn, le go bhfaighidh an bheatha an ceann is fearr ar an mbás. An solas an ceann is fearr ar an dorchadas.

Caoimhe Ní Laighin

Dúshlán soiléir go cinnte don Aontas Eorpach. Rinneadh ionsaithe troma sliogán ar Kharkiv inniu. Maraíodh deichniúr i bpléascadh amháin. Mhol an Rúis do chónaitheoirí i gCív an chathair a fhágáil, mar tá ionsaithe uirthi ar na bacáin, a deir siad. Cheana féin tráthnóna, tá ionsaí déanta ar thúr teilifíse i gCív. Maraíodh cúigear ar a laghad san ionsaí sin agus rinneadh damáiste d'áiseanna teilifíse in aice láimhe.

Deir na Náisiúin Aontaithe go mbeidh cuidiú fóirithinte de dhíth ar dhá ~~m~~bhilliún déag duine san Úcráin. Tá beagnach 700,000 duine ar teitheadh ón dtír³ cheana féin.

Tá an Rúis ag éirí níos imeallaithe ar an ardán idirnáisiúnta. Shiúil baill de Chomhairle Cearta Daonna na Náisiún Aontaithe⁴ amach ó chruinniú in Geneva (~~sa Ghinéiv~~) inniu, a fhad is a bhí Sergey Lavrov i mbun óráide ar nasc. Ach, tá cuid mhór i ngeall sa gcluiche seo: beatha daoine, ceannas tíortha agus mar a dúirt Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh inniu, todhchaí na hEorpa í féin.

Má ghlacann an tAontas Eorpach le dúshlán Zelensky agus a dtacaíocht shoiléir a léiriú don Úcráin, agus is dócha nach bhféadfaí gníomh míleata a sheachaint sa gcás sin. ~~B~~bheidh le feiceáil cé acu an Rúis nó an tIarthar a bheas⁵ ag cúlú siar ar dtús, faoin mbrú.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

¹ leagan canúnach de 'fágáil'

² leagan canúnach de 'rinneadh'

³ Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

⁴ Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an leagan oifigiúil

⁵ a bheidh